AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.7.2016
COM(2016) 479 final

2016/0230 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030 agus lena leasaítear Rialachán Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2016) 246 final}
{SWD(2016) 249 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is fadhb é an t-athrú aeráide nach féidir a réiteach le gníomhaíochtaí náisiúnta nó áitiúla amháin. Ó 1992 i leith, tá an tAontas Eorpach ag obair chun réitigh chomhpháirteacha a fhorbairt agus chun gníomhaíochtaí domhanda chun dul i ngleic leis an athrú aeráide a bhrú chun cinn.

Glacadh Comhaontú Pháras i mí na Nollag 2015 ag an 21ú Chomhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide. Tá sprioc fadtéarmach mar chuid den Chomhaontú agus leagtar amach go mbeidh tábhacht thar na bearta leis an rannchuidiú ó thalamhúsáid agus ó fhoraoisí chun na cuspóirí fadtéarmacha maidir le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach[1].

Leis an togra seo cuirtear chun feidhme gealltanais atá tugtha ag an Aontas Eorpach faoi Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide. An 10 Meitheamh 2016 thíolaic an Coimisiún togra le go ndaingneoidh an tAontas comhaontú Pháras[2]. Tá an togra seo ag leanúint an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún ar Chomhaontú Pháras[3].

Tá treoir na Comhairle Eorpaí maidir le talamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht (LULUCF) a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030 an Aontais Eorpaigh le feiceáil i Rannchuidiú Beartaithe arna Chinneadh go Náisiúnta an Aontais Eorpaigh freisin. D'fhógair an tAontas Eorpach gurb é an sprioc atá aige "dearbhlaghdú ar fud an gheilleagair ó leibhéal astaíochtaí bonnbhliana", a bhainfidh amach "laghdú intíre de 40 % ar a laghad", a chumhdaíonn 100 % d'astaíochtaí an Aontais Eorpaigh. I dtaca le LULUCF, dúradh de bhreis ar an méid sin go ndéanfar "beartas a bhunú ar an gcaoi le conas talamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseachta chur san áireamh i gcreat 2030 maidir le gáis cheaptha teasa a mhaolú, a luaithe agus go mbeidh na dálaí teicniúla ann chun é sin a dhéanamh agus roimh 2020 i gcás ar bith[4]."

Is é an cuspóir atá leis an togra seo cinneadh a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirfear an earnáil LULUCF san áireamh i gcreat beartais aeráide an Aontais Eorpaigh, amhail ó 2021. De bhíthin Phrótacal Kyoto, leagtar srianta ar an Aontas Eorpach agus ar gach ceann dá Bhallstáit anuas go 2020, toisc nach mór dóibh a áirithiú nach dtáirgfidh an earnáil LULUCF aon astaíochtaí breise. Rachaidh Prótacal Kyoto in éag ag ceann na bliana 2020 áfach. Fágann sin nach mór an rialachas i dtaca leis an earnáil LULUCF a fhorbairt tuilleadh laistigh den Aontas Eorpach;

---

1 Sainmhíníodh an sprioc nua fadtéarmach mar "cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus gáis cheaptha teasa a aistriú ón atmaisféar trí linnte sa dara leath den chéad seo". Comhaontú Pháras, Airteagal 4(1)

2 Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE ar an gconclúid thar cheann an Aontais Eorpaigh ar Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, COM/2016/0395 final

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: An Bóthar ó Pháras: measúnú ar na himpleachtaí a bheidh ag Comhaontú Pháras agus a ghabhann leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir maidir le Comhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh COM/2016/0110 final

4 Rannchuidiú Beartaithe arna chinneadh go Náisiúnta an Aontais agus Bhallstáit, 6 Márta 2015, http://www4.unfccc.int/submissions/INDC/Published %20Documents/Latvia/1/LV-03-06-EU %20INDC.pdf

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais**

Cumhdaíonn creat beartais 2020 an Aontais Eorpaigh maidir leis an aeráid atá ann faoi láthair formhór na n-earnálacha agus na ngás ceaptha teasa. Tá dhá phríomhghné i gceist leis:

(a) Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE);

(b) Tugtar aghaidh ar earnálacha lasmuigh den chóras sin[5] sa Chinneadh maidir le Comhroinnt Díchill.

Déantar dul chun cinn i dtreo spriocanna na bliana 2020 a áirithiú a bhuí le hoibleagáidí maidir le tuairisciú bliantúil agus seiceálacha ar chomhréireacht, atá leagtha amach i Rialachán 525/2013/CE[6].

Faoi mar atá i láthair na huaire – agus as seo go 2020 – is faoi scáth oibleagáidí idirnáisiúnta Phrótacal Kyoto a chuimsítear astaíochtaí agus aistrithe[7] na ngás ceaptha teasa a bhaineann le talamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht (LULUCF). Tá an Cinneadh sin 529/2013/AE maidir le LULUCF á chur chun feidhme cheana agus tiocfaidh dá bharr go mbeidh againn faoi 2020 córais fheabhsaithe chuntasaíochta. De cheal creat dlí lena gcomhdhlúfaí an forghníomhú sin agus lena saineofaí rialacha ábhartha don tréimhse tar éis 2020, d'fhéadfadh sé nach ar shlí aonchineálach a áireofaí an Cinneadh maidir le LULUCF laistigh den chreat foriomlán ar fud an Aontais Eorpaigh. D'fhágfadh difríochtaí maidir le tuairisciú agus le rialacha cuntasaíochta i measc na mBallstát drochiarmhairt ar fheidhmiú barrmhaith an mhargaidh aonair.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá togra dlí chun LULUCF a chur san áireamh i gcreat beartais aeráide agus fuinnimh 2030 an Aontais ina chuid thábhachtach de straitéis an Choimisiúin maidir le h*Aontas Fuinnimh buanseasmhach maille le beartas réamhbhreathnaitheach don athrú aeráide*, atá mar bhonn le gné dícharbonaithe na straitéise. Tá an togra de dhíth freisin chun an creat comhtháite i gcomhair beartais aeráide agus fuinnimh go dtí 2030 a chríochnú, creat a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach i nDeireadh Fómhair 2014.

I gcomhréir leis na rialacha idirnáisiúnta faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide agus faoi Phrótacal Kyoto, déantar astaíochtaí a bhaineann le húsáid bhithmhaithe a thuairisciú, agus tugtar cuntas orthu faoi LULUCF, i.e. tá rátáil nialasach ag úsáid bhithmhaise san earnáil fuinnimh. Ar an gcaoi sin déantar comhaireamh dúbailte astaíochtaí a sheachaint.

---

5 "Lasmuigh de CTA" mar a thugtar air a chuimsíonn níos mó ná 55 % d'astaíochtaí iomlána an Aontais Eorpaigh e.g. astaíochtaí CO_2 ón iompar agus ó théamh foirgneamh, astaíochtaí nach astaíochtaí CO_2 iad ón talmhaíocht agus dramhaíl.

6 Rialachán 525/2013/EC maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE

7 Nuair a dhéantar CO_2 a ionsú ón atmaisféar, nuair a fhásann crainn agus plandaí mar shampla, tugtar "aistriú" air seo, i gcomparáid le hastaíocht a tharlaíonn nuair a dhéantar an bhithmhais a dhó nó a meathann sí.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

In Airteagal 191 go hAirteagal 193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, deimhnítear agus sonraítear inniúlachtaí an Aontais i réimse an athraithe aeráide. Is é Airteagal 192 bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is fadhb é an t-athrú aeráide nach féidir a réiteach le gníomhaíochtaí náisiúnta nó áitiúla amháin. Eascraíonn inniúlacht an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíocht a dhéanamh maidir leis an athrú aeráide ó Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Toisc go dtéann an tAontas Eorpach i ngleic le gealltanais i dtaca le hathrú aeráide ar bhonn comhpháirteach, is gá dul i ngleic le LULUCF ar mhodh comhordaithe freisin.

- **Comhréireacht**

Trí LULUCF a chur san áireamh sa chreat 2030 cuirfear creat coiteann ar fáil maidir leis an gcaoi ar féidir an earnáil a áireamh i dtreo sprioc chomhpháirteach an Aontais don laghdú. Is faoi na Ballstáit a bheidh an rogha faoi na gníomhaíochtaí a dhéanfar chun na cuspóirí éagsúla a bhaineann le LULUCF a bhaint amach, agus déantar comhréireacht a urramú go hiomlán freisin dá réir sin.

- **An rogha ionstraime**

Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach ar aon chuspóir ceangailteach amháin don bheartas aeráide agus fuinnimh idir 2021 agus 2030, i gcomhair laghdú foriomlán ar fud an gheilleagair de 40 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990 do leibhéil na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Leagtar ceanglais ar na Ballstáit, agus ar an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil freisin, rannchuidiú le baint amach na laghduithe is gá ar astaíochtaí. Tá an togra seo ag gabhail leis an togra le haghaidh Regulation [] maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit idir 2021 agus 2030 ar mhaithe le hAontas Fuinnimh buanseasmhach agus chun gealltanais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh agus lena leasaítear Rialachán Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú, a chumhdaíonn níos mó ná leath de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin, agus is fearr cuspóir an togra a shaothrú trí Rialachán.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex-post/seiceálacha oiriúnachta ar reachtaíocht atá ann cheana**

Ní raibh aon mheastóireacht ex post ná seiceáil oiriúnachta i ndáil leis an togra seo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Idir Márta agus Meitheamh 2015, thug an Coimisiún Eorpach faoi chomhairliúchán poiblí faoin gcaoi ab fhearr le dul i ngleic le hastaíochtaí ón talmhaíocht, ón bhforaoiseacht agus ó thalamhúsáid eile i gcomhthéacs chreat beartais aeráide agus fuinnimh 2030 an Aontais. Fuarthas 138 aighneacht san iomlán. I measc na roghanna don ollstruchtúr beartais, níor thug leath de na freagróirí tús áite soiléir d'aon cheann acu, agus bhí thart ar aon trian de na

freagróirí, eagraióchtaí neamhrialasacha comhshaoil agus eagraíochtaí foraoiseachta den chuid is mó, i bhfabhar LULUCF a choinneáil mar cholún ar leithligh laistigh den chreat beartais aeráide. Is é an rogha chun talmhaíocht agus LULUCF a thabhairt le chéile i gcolún ar leithligh lasmuigh den Chinneadh maidir le Comhroinnt Díchill is lú a fuair tacaíocht. Thug na rialtais náisiúnta tús áite do cholún LULUCF ar leithligh, agus solúbthacht ag gabháil leis, b'fhéidir, nó do LULUCF a thabhairt isteach faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill. I ngeall ar an raon leathan tuairimí a léiríodh mheas an Coimisiún nach raibh aon rogha amháin ann a bheadh in ann gach dearcadh a shásamh. Mheas formhór na bhfreagróirí go raibh tábhacht thar na bearta ag baint le cuntasaíocht i dtaca le sláine chomhshaoil. Léiríodh suim mhór i gcuíchóiriú ar na córais chomhthreomhara tuairiscithe agus leanúint ar aghaidh leis na leibhéil tagartha foraoise.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an measúnú cainníochtúil ar na tionchair san Aontas Eorpach amach anseo ag teacht leis na hanailísí a rinneadh don chreat-togra 2030 agus don Rialachán [] maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit idir 2021 agus 2030 ar mhaithe le hAontas Fuinnimh buanseasmhach agus chun gealltanais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh. Rinne an Coimisiún conradh le hOllscoil Náisiúnta Teicniúil na hAithne, IIASA agus EuroCare chun cásanna a d'fhéadfadh tarlú san Aontas Eorpach a shamhaltú.

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh an Measúnú Tionchair a ullmhú agus a fhorbairt le bheith ag teacht go hiomlán leis an treoir is infheidhme maidir le *Rialáil Níos Fearr*; rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála meastóireacht air agus tugadh tuairim Dhearfach ina leith. Cuimsíodh na feabhsuithe a bhí molta ag an mBord sa leagan deireanach.

Sa chonclúid den Mheasúnú Tionchair, aithníodh colún beartais LULUCF neamhspleách, a leanfaí de bheith á úsáid in éineacht leis an riail do thoradh neodrach nó dearfach ("no debit rule"), mar rogha na tosaíochta. D'fhéadfaí méid teoranta solúbthachta a chur i bhfeidhm idir an earnáil LULUCF agus an earnáil lasmuigh de CTA, i ngeall go bhfuil gá leis toisc go bhfuil cumas maolaithe na talmhaíochta níos ísle agus i ngeall ar an sciar den iomlán atá ag an earnáil talmhaíochta i ngach Ballstát. Bheadh an rogha seo ag luí leis na cuspóirí maidir le slándáil an tsoláthair bhia agus maidir le bithéagsúlacht agus ní bheadh tionchar diúltach fostaíochta ann dá bharr. Le rogha mheasctha den chineál sin chuirfí teorainn le hathruithe ar an ollstruchtúr foriomlán agus dá bhrí sin laghdófaí an t-ualach riaracháin agus ró-mhaorlathas an oiread agus is féidir agus ag an am céanna beadh an rannchuidiú i dtaca le spriocanna 2030 an Aontais Eorpaigh a bhaint amach ar an leibhéal ab airde agus is féidir. Ach LULUCF a chur san áireamh bunaithe ar rogha mheasctha den sórt sin, thabharfaí spreagadh chun gníomhaíochtaí maolaithe breise a dhéanamh san earnáil talún agus foraoiseachta agus dá bhrí sin bheadh sé i gcomhréir go hiomlán leis an bhfís fhadtéarmach chun an méadú ar an teocht a theorannú, mar atá leagtha amach i gComhaontú Pháras.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomhréir le tiomantas an Choimisiúin i leith rialáil níos fearr, ullmhaíodh an togra go cuimsitheach, bunaithe ar thrédhearcacht agus ar phlé leanúnach le páirtithe leasmhara. Toisc gur ar an leibhéal náisiúnta a dhéantar cuntasaíocht LULUCF, le tacaíocht theicniúil ó institiúidí nó gníomhaireachtaí taighde, ní dhéanfaidh an t-ualach riaracháin a ghabhann léi agus na costais riaracháin a bhaineann le comhlíonadh a chur i bhfeidhm difear ach do na Ballstáit, an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil. Níl oibleagáidí ar

bith maidir le tuairisciú díreach ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ná ar fhiontair eile faoin reachtaíocht reatha. Leis an togra seo, ní athrófar sin.

Is é an t-athrú is suntasaí atá molta cuíchóiriú a dhéanamh ar dhá chóras comhthreomhar maidir le tuairisciú atá ann faoi láthair in aon chóras amháin. Laghdóidh sin an t-ualach riaracháin agus costais do na Ballstáit agus don Choimisiún. Maidir leis na tionchair riaracháin a bheidh ag na hathruithe ar na rialacha cuntasaíochta, meastar nach mbeidh ach tionchar fíorbheag acu, toisc go bhfuil na rialacha cuntasaíochta ábhartha curtha ar bun cheana féin mar thoradh ar Chinneadh 529/2013/AE maidir le LULUCF. Rinneadh anailís ar na costais riaracháin a bhaineann leis an gcóras atá ann faoi láthair sa Mheasúnú Tionchair a ghabhainn leis an gCinneadh LULUCF atá ann faoi láthair (SWD (2012) 41 final).

Sa togra, aithnítear solúbthacht agus sineirgí ar mhaolú costéifeachtach idir gach gníomhaíocht a bhaineann le talmhaíocht agus talamhúsáid. Tá an togra ag teacht le Treoir INSPIRE (Treoir 2007/2/CE) a bhaineann le sonraí digiteacha agus geografacha.

Ní tionscnamh é an togra atá faoi chuimsiú an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála.

- **Cearta bunúsacha**

Ós ar na Ballstáit go príomha, mar ghníomhaithe institiúideacha, atá an beartas atá molta dírithe, tá sé comhsheasmhach leis an gCairt um Chearta Bunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh na tionchair indíreacha ar bhuiséid na mBallstát ag brath ar na beartais agus bearta náisiúnta a roghnófar chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus ar ghníomhaíocht maolaithe eile san earnáil talamhúsáide a chumhdaítear leis an tionscnamh seo a roghnófar i ngach tír ar leith. Cuirtear deireadh faoin togra le ceann amháin de na creataí maidir le tuairisciú (tá péire ann faoi láthair), rud a fhágann go bhfuil cuíchóiriú ar an bpróiseas cuntasaíochta i gcomparáid lena bhfuil de dhíth faoi Phrótacal Kyoto. Laghdóidh sé seo costais riaracháin na mBallstát agus an Choimisiúin Eorpaigh. Tá impleachtaí an-teoranta ag an togra seo do bhuiséad an Aontais Eorpaigh, agus cuirtear i láthair iad sa ráiteas airgeadais reachtach atá i gceangal.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is gá sláine chomhshaoil a choinneáil i gcuimhne i gcónaí agus na roghanna lenar féidir úsáid bhreise a bhaint as an tsolúbthacht á meas. Ba cheart go mbeadh feabhsú breise, intomhaiste agus inbhunaithe ar linnte carbóin mar thoradh ar ghníomhaíochtaí maolaithe sa talamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht . Chun deimhniú a dhéanamh de go mbeidh na dálaí seo ann, tá córas dian faireacháin, tuairiscithe agus fíorúcháin de dhíth.

Fágfaidh na hoibleagáidí faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide gur a bhonn bliantúil a dhéanfar an próiseas tuairiscithe. Tá an faireachán agus an tuairisciú fós ag brath ar na ceanglais a shonraítear i Rialachán 525/2013/CE, a leasaítear de réir mar is gá leis an Rialachán. Ba cheart comhlánú breise a dhéanamh ar Rialachán 525/2013/CE d'fhonn creat cuimsitheach a chruthú don fhaireachán agus comhlíonadh don tréimhse tar éis 2020 le haghaidh gach earnáil neamh-CTA, LULUCF san

áireamh. Tá sé beartaithe na forálacha sin a chomhtháthú le rialachas an Aontais Fuinnimh, a bhfuil togra ón gCoimisiún i ndáil leis leagtha síos i gclár oibre an Choimisiúin roimh dheireadh 2016 agus d'fhéadfaí iad a chuíchóiriú tuilleadh mar chuid den togra sin. Is é is fearr é cuntas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí LULUCF thar tréimhsí fada. Le go ndéanfar LULUCF a chomhtháthú leis na hearnálacha eile nach dtagann faoi CTA, déanfar seiceálacha ar chomhlíonadh gach cúig bliana.

- **Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Airteagal 1: Ábhar

San Airteagal seo, mínítear go leagtar síos sa Rialachán seo gealltanais na mBallstát i dtaca le gealltanas an Aontais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú don tréimhse ó 2021 go 2030 a bhaint amach, chomh maith le rialacha maidir le cuntasaíocht agus seiceáil ar chomhlíonadh.

Airteagal 2: Raon feidhme

San Airteagal seo, sainítear raon feidhme chumhdach an Rialacháin. Is macasamhail é de raon feidhme reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm faoi láthair ar na Ballstáit faoi Phrótacal Kyoto (529/2013/AE). Cumhdaíonn an raon feidhme éigeantach, go bunúsach, talamh foraoise agus talamh talmhaíochta, agus talamh ar athraíodh an úsáid ó úsáid den sórt sin nó go húsáid den sórt sin. Faoin gcur chuige atá beartaithe, cuirtear deireadh le creat tuairiscithe comhthreomhar Phrótacal Kyoto agus déantar cuíchóiriú ar an gcóras leis an gcreat tuairiscithe "bunaithe ar thalamh" faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide. Tagann na gáis cheaptha teasa CO_2, CH_4 agus N_2O faoin raon feidhme.

Airteagal 3: Sainmhínithe

Tugtar sainmhíniú ar théarmaíocht ar leith san Airteagal seo.

Airteagal 4: Gealltanais

Is é an gealltanas do gach Ballstát a áirithiú gur cheart nach mbeadh glan-astaíochtaí ag an earnáil LULUCF ar a chríoch, tar éis na rialacha cuntasaíochta a sonraítear sa Rialachán a chur i bhfeidhm, agus ag cur san áireamh an tsolúbthacht. Sa Mheasúnú Tionchair, is é "an riail do thoradh neodrach nó dearfach" a thugtar ar an bprionsabal sin.

Airteagal 5: Rialacha ginearálta cuntasaíochta

San Airteagal seo leagtar síos na rialacha ginearálta chun áireamh dúbailte a sheachaint, chun bainistiú a dhéanamh ar aistriú de réir a chéile idir catagóirí talamhúsáide agus chun cuntas a thabhairt ar gach linn charbóin, seachas na cinn sin a thagann faoi riail "*de minimis*". Tá sé bunaithe go mór ar na rialacha ginearálta cuntasaíochta i gCinneadh 529/2013/AE, agus cuirtear isteach riail dhinimiciúil i dtaca le haistriú de réir a chéile idir catagóirí talamhúsáide.

Airteagal 6: Cuntas a thabhairt ar thalamh foraoisithe agus ar thalamh dífhoraoisithe

San Airteagal seo tugtar cuntas ar na rialacha sonracha cuntasaíochta do thalamhúsáid a athraítear ó thalamh foraoise (dífhoraoisithe) agus *go* talamh foraoise (foraoisithe). Tugtar cuntas ar na catagóirí talamhúsáide seo ag úsáid an cur chuige "comhlán/glan", i.e. cuntas a thabhairt ar astaíochtaí agus aistrithe thar an tréimhse ina n-iomláine. Is ionann é, tríd is tríd, agus a bhfuil i gCinneadh 529/2013/AE, ach amháin go dtugtar isteach an rogha 30 bliain a úsáid in ionad an luacha réamhshocraithe i gcomhair catagóirí eile talamhúsáide a aistriú de réir a chéile go talamh foraoise. Má úsáidtear an luach sin seachas an luach réamhshocraithe, ba cheart bonn cuí a thabhairt don úsáid sin i bhfardal de gháis cheaptha teasa an Bhallstáit a sheoltar chuig CCNAAA, i gcomhréir leis na Treoirlínte ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

Airteagal 7: Cuntas a thabhairt ar thalamh curaíochta bainistithe, féarthalamh bainistithe agus bogach bainistithe

San Airteagal seo tugtar cuntas ar na rialacha sonracha cuntasaíochta do thalamh curaíochta bainistithe, féarthalamh bainistithe agus bogach bainistithe, lena n-áirítear catagóirí talún a athraíonn *ó* agus *go* na catagóirí sin. Tugtar cuntas ar an athrú talamhúsáide sin i gcoibhneas le hastaíochtaí nó aistrithe a chuirtear i gcomparáid le tagairt stairiúil.

Is ionann é, tríd is tríd, agus a bhfuil i gCinneadh 529/2013/AE, ach amháin go moltar tagairt stairiúil níos déanaí chun cruinneas na meastachán a fheabhsú, le bheith ag teacht níos fearr leis an gcuid eile de na hearnálacha nach dtagann faoi CTA, agus chun cuntasaíocht a shimpliú trí laghdú a dhéanamh ar an ngá le sraitheanna ama stairiúla.

Airteagal 8: Cuntas a thabhairt ar thalamh foraoise bainistithe

San Airteagal seo déantar foráil maidir le rialacha cuntasaíochta do thalamh foraoise bainistithe ag baint úsáide as leibhéal tagartha foraoise chun an tionchar atá ag tréithe nádúrtha agus ag tréithe a bhaineann go sonrach le tír ar leith a chur as an áireamh. Tá sé bunaithe go mór ar na rialacha ábhartha i gCinneadh 529/2013/AE. San Airteagal seo bunaítear creat rialachais an Aontais a bheidh le húsáid i bhfianaise go mbeidh Prótacal Kyoto ag dul in éag tar éis 2020. Tá sé mar aidhm ag na forálacha cruinneas agus trédhearcacht na leibhéal tagartha foraoise agus an phróisis lena mbunaítear iad a fheabhsú. Ba cheart comhairliúchán le geallsealbhóirí sna Ballstáit agus athbhreithniú le cúnamh ó shaineolaithe an Bhallstáit a bheith san áireamh leo.

Airteagal 9: Cuntas a thabhairt ar tháirgí adhmaid lománaithe

San Airteagal seo cinntear an cur chuige cuntasaíochta i leith na linne carbóin seo ar thalamh foraoisithe agus ar thalamh foraoise bainistithe. Tá an mhodheolaíocht gan athrú, tríd is tríd, i gcomparáid le Cinneadh 529/2013/AE.

Airteagal 10: Cuntas a thabhairt ar shuaitheadh nádúrtha

San Airteagal seo tugtar cead do Bhallstáit astaíochtaí ó shuaitheadh nádúrtha (dóiteán foraoise, ionradh lotnaidí, srl.) a fhágáil amach ina gcuid cuntas. Tá an mhodheolaíocht gan athrú, tríd is tríd, i gcomparáid le Cinneadh 529/2013/AE. Beidh gá le trédhearcacht agus an leibhéal cúlra á bhunú, toisc na mbeidh an t-athbhreithniú faoi Phrótacal Kyoto ann. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar urramú na treoracha agus na rialacha is infheidhme.

Airteagal 11: Solúbthacht

San Airteagal seo tá foráil gur féidir leis na Ballstáit astaíochtaí ó chatagóir chuntasaíochta talún amháin a chúiteamh le haistrithe ó chatagóir chuntasaíochta talún eile ar a chríoch. Cuireann sé ar chumas Ballstáit na glan-aistrithe a aithníodh ina chuid cuntas a charnadh thar an tréimhse 10 mbliana. Féadfar farasbarr sna aistrithe a thabhair do Bhallstát le cabhrú leis chun a áirithiú go ndéanfar an riail do thoradh neodrach nó dearfach a chomhlíonadh. Ar deireadh, ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú go ndéanfar faireachán leordhóthanach atá i gcomhréir leis an rialachán seo, le bheith in ann leas a bhaint as an tsolúbthacht.

Airteagal 12: Comhlíonadh a sheiceáil

Leagtar amach san Airteagal seo na ceanglais ar Bhallstáit chun faireachán iomchuí a áirithiú chun críocha cuntasaíochta, agus bunaítear seiceálacha rialta ar chomhlíonadh ón gCoimisiún. Ar mhaithe le caighdeán ard a áirithiú tabharfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnamh don Choimisiún leis an obair seo.

Airteagal 13: Clárlann

Baineann an Airteagal seo le Clárlann a úsáid le haghaidh idirbhearta agus a áireamh ag an am céanna nach ndéantar comhaireamh dúbailte.

Airteagal 14: An tarmligean a fheidhmiú

Leis an togra seo tugtar de chumhacht don Choimisiún glacadh le gníomhartha tarmligthe de réir nósanna imeachta ábhartha.

Airteagal 15: Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú in 2024 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, ar gach gné den Rialachán

chun a chinneadh an bhfuil siad fós oiriúnach dá gcuspóirí.

Airteagal 16: Leasuithe iarmhartacha ar Rialachán Uimh. 525/2013/AE

Tá Rialachán Uimh. 525/2013/AE á leasú chun a áirithiú go leanfar de na ceanglais tuairiscithe, ar ceanglais iad a bhaineann leis an gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill faoi láthair, laistigh de chreat an Rialacháin sin. Tá sé de cheangal ar na Ballstát tuairisc a thabhairt gach bliain maidir le hastaíochtaí ábhartha GCT agus beidh sé de cheangal orthu fós tuairisc a thabhairt gach dhá bhliain maidir lena meastacháin, beartais agus bearta a chuirfear chun feidhme chun comhlíonadh spriocanna agus gealltanas a áirithiú. Déantar na ceanglais faireacháin i dtaca le LULUCF a neartú chun sláine chomhshaoil na cuntasaíochta a áirithiú.

2016/0230 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030 agus lena leasaítear Rialachán Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[8],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[9],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) An sprioc cheangailteach laghdú intíre de 40 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair faoi 2030 i gcomparáid le 1990, rinneadh an sprioc sin a fhormhuiniú i gConclúidí na Comhairle Eorpaí an 23 agus an 24 Deireadh Fómhair 2014 maidir le creat beartais aeráide agus fuinnimh 2030. Faomhadh go foirmiúil ag cruinniú na Comhairle an 6 Márta 2015 go mbeadh an méid sin ina rannchuidiú beartaithe arna chinneadh go náisiúnta ag an Aontas agus ag na Ballstáit.

(2) Foráladh i gconclúidí na Comhairle Eorpaí gur cheart don Aontas an sprioc a bhaint amach go comhpháirteach ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir, sin laghduithe suas le 43 % agus 30 % in earnálacha an Chórais Trádála Astaíochtaí agus in earnálacha nach mbaineann trádáil astaíochtaí leo, faoi seach, faoi 2030 i gcomparáid le 2005, agus na hiarrachtaí atá le déanamh á leithdháileadh ar bhonn OTI coibhneasta *per capita*.

(3) An 10 Meitheamh 2016 thíolaic an Coimisiún togra le go ndaingneodh an tAontas Comhaontú Pháras. An togra reachtach seo, is cuid de chur chun feidhme ar ghealltanas an Aontais maidir le laghduithe ar astaíochtaí ar fud an gheilleagair, mar sa ghealltanas atá beartaithe maidir le laghdú arna chinneadh go náisiúnta atá ag an

8 [8]IO C […], […], lch. […].
9 [9]IO C […], […], lch. […].

Aontas agus ag na Ballstáit agus a cuireadh faoi bhráid Rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide an 6 Márta 2015. [10]

(4) I gComhaontú Pháras, leagtar amach, *inter alia*, sprioc fhadtéarmach an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh é a choimeád faoi bhun 1.5°C. Chun an sprioc sin a bhaint amach, ba cheart do na Páirtithe rannchuidiú beartaithe comhleanúnacha arna chinneadh go náisiúnta a ullmhú, a chur ar fáil agus a chaomhnú. Tá Comhaontú Pháras ag glacadh áit an chur chuige atá i bhfeidhm faoi Phrótacal Kyoto 1997 ach nach leanfar de i ndiaidh 2020. I gComhaontú Pháras iarrtar freisin cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus gáis cheaptha teasa a aistriú ón atmaisféar trí linnte sa dara leath den chéad seo, agus iarrtar ar Pháirtithe gníomh a dhéanamh chun linnte agus umair de gháis cheaptha teasa, foraoisí san áireamh, a chaomhnú agus a fheabhsú, de réir mar is iomchuí.

(5) Ag an gComhairle Eorpach an 23-24 Deireadh Fómhair 2014 admhaíodh freisin ilchuspóirí na hearnála talmhaíochta agus talamhúsáide, leis an gcumas níos lú atá acu i dtaca le maolú chomh maith leis an gá le comhsheasmhacht a choinneáil idir slándáil an tsoláthair bhia san Aontas agus na cuspóirí maidir le hathrú aeráide. Thug an Chomhairle Eorpach cuireadh don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an mbealach ab fhearr chun spreagadh a thabhairt don diansaothrú inbhuanaithe ar tháirgeadh bia, agus optamú a dhéanamh ag an am céanna do rannchuidí na hearnála do mhaolú agus do cheapadh gás ceaptha teasa, lena n-áirítear trí fhoraoisiú, agus chun beartas a bhunú ar an gcaoi le conas talamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht ('LULUCF') a chur san áireamh i gcreat 2030 maidir le gáis cheaptha teasa a mhaolú, a luaithe agus go mbeidh na dálaí teicniúla ann chun é sin a dhéanamh agus roimh 2020 i gcás ar bith.

(6) Is féidir leis an earnáil LULUCF rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide ar roinnt bealaí, go háirithe trí astaíochtaí a laghdú, agus linnte agus stoic charbóin a choinneáil agus a fheabhsú. Chun go mbeidh bearta a bhfuil sé mar aidhm leo go háirithe ceapadh carbóin a mhéadú éifeachtach, tá cobhsaíocht agus inoiriúnaitheacht fhadtéarmach na linnte carbóin ríthábhachtach.

(7) I gCinneadh Uimh. 529/2013/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], leagadh amach, mar chéad chéim, na rialacha cuntasaíochta is infheidhme maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ón earnáil LULUCF agus rannchuidigh sé ar an gcaoi leis leis an bhforbairt beartais i dtreo cuimsiú na hearnála LULUCF i ngealltanas an Aontais maidir le hastaíochtaí a laghdú. Ba cheart tógáil ar na rialacha cuntasaíochta atá ann cheana leis an Rialachán seo, á dtabhairt cothrom le dáta agus á bhfeabhsú don tréimhse 2021-2030. Ba cheart oibleagáidí na mBallstát maidir leis na rialacha cuntasaíochta sin a chur chun feidhme, agus an oibleagáid a áirithiú nach nginfear glan-astaíochtaí ón earnáil LULUCF fhoriomlán, a leagan síos ann. Níor cheart aon oibleagáidí cuntasaíochta ná tuairiscithe a leagan síos do pháirtithe príobháideacha leis.

---

10 [10]http://www4.unfccc.int/submissions/indc/Submission %20Pages/submissions.aspx

11 Cinneadh Uimh. 529/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le rialacha cuntasaíochta agus pleananna gníomhaíochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus iad a bhaint mar thoradh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le talamhúsáid, le hathrú ar thalamhúsáid agus le foraoiseacht agus maidir le faisnéis i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann leis na gníomhartha sin (IO L 165, 18.6.2013, lch. 80)

(8) Chun cuntais chruinne ar astaíochtaí agus aistrithe a chinneadh i gcomhréir le Treoirlínte 2006 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ('IPCC') d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa ('Treoirlínte IPCC'), ba cheart na luachanna arna dtuairisciú go bliantúil agus an tiontú idir catagóirí talamhúsáide faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 a úsáid le haghaidh catagóirí talamhúsáide, chun sruthlíniú a dhéanamh dá réir sin ar an gcur chuige a úsáidtear faoin UNFCCC agus ar an gcur chuige a úsáidtear faoi Phrótacal Kyoto. Ba cheart a mheas go bhfuil talamh a thiontaítear go catagóir talamhúsáide eile ag aistriú de réir a chéile chuig an gcatagóir sin ar feadh an luacha réamhshocraithe de 20 bliain atá sna Treoirlínte IPCC.

(9) Bíonn astaíochtaí agus aistrithe ó thalamh foraoise ag brath ar roinnt dálaí nádúrtha, ar an struchtúr aoise-aicme, agus ar chleachtais bhainistíochta ón am a chuaigh thart agus ón am i láthair chomh maith. Dá mbainfí úsáid as bonnbhliain, ní bheadh sé indéanta na fachtóirí sin, agus na hiarmhairtí timthriallacha ar astaíochtaí agus aistrithe a eascraíonn astu, ná a n-éagsúlacht idirbhliantúil, a léiriú. In ionad sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis na rialacha cuntasaíochta ábhartha maidir le húsáid a bhaint as leibhéil thagartha, chun na hiarmhairtí atá ag tréithe nádúrtha agus ag tréithe a bhaineann go sonrach le tír ar leith a chur as an áireamh. In éagmais an athbhreithnithe idirnáisiúnta faoin UNFCCC agus faoi Phrótacal Kyoto, ba cheart nós imeachta um athbhreithniú a bhunú chun trédhearcacht a áirithiú agus chun cáilíocht na cuntasaíochta sa chatagóir seo a fheabhsú.

(10) Sa chás ina roghnaíonn an Coimisiún cúnamh a fháil ó fhoireann saineolaithe um athbhreithniú i gcomhréir le Cinneadh (C(2016)3301) ón gCoimisiún san athbhreithniú ar phleananna cuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta, ba cheart dó tógáil ar an dea-chleachtas agus ar an saineolas atá ag na hathbhreithnithe saineolacha faoi UNFCCC, lena n-áirítear i dtaca le rannpháirtíocht na saineolaithe náisiúnta agus moltaí, agus líon dóthanach saineolaithe a roghnú ó na Ballstáit.

(11) Sna Treoirlínte IPCC atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta, sonraítear gur féidir cuntas mar nialas a thabhairt ar dhóchán bithmhaise san earnáil fuinnimh ar an gcoinníoll go dtugtar cuntas ar na hastaíochtaí sin san earnáil LULUCF. San Aontas Eorpach, tugtar cuntas ar astaíochtaí ó dhóchán bithmhaise mar nialas de bhun Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 agus de bhun na bhforálacha atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, dá bhrí sin ní dhéanfaí comhsheasmhacht leis na Treoirlínte IPCC a áirithiú ach amháin dá ndéanfaí na hastaíochtaí sin a chumhdach go leordhóthanach faoin Rialachán seo.

(12) Is féidir le méadú ar úsáid inbhuanaithe táirgí adhmaid lománaithe teorainn shuntasach a chur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa isteach san atmaisféar, agus astaíochtaí na ngás sin ón atmaisféar a fheabhsú. Ba cheart a áirithiú leis na rialacha cuntasaíochta go léiríonn na Ballstáit go cruinn sna cuntais na hathruithe ar linn na dtáirgí adhmaid lománaithe nuair a tharlaíonn na hathruithe sin, chun dreasachtaí a chur ar fáil d'úsáid bhreise a bhaint as táirgí adhmaid lománaithe a bhfuil timthriall saoil fada acu. Ba cheart don Choimisiún treoir a sholáthar ar cheisteanna modheolaíocha a bhaineann le cuntas a thabhairt ar tháirgí adhmaid lománaithe.

(13) Féadfaidh suaitheadh nádúrtha, amhail falscaithe, fíniú le feithidí nó le galar, imeachtaí aimsire foircneacha agus suaitheadh geolaíoch atá nach bhfuil smacht, ná tionchar ábhartha, ag Ballstát orthu, féadfaidh siad go mbeidh astaíochtaí gás ceaptha teasa de chineál sealadach leo san earnáil LULUCF, nó féadfaidh siad aistrithe roimhe seo a chur ar gcúl. Toisc gur féidir céimeanna ar gcúl a bheith ann mar thoradh ar chinntí bainistíochta freisin, amhail cinntí crainn a bhaint nó a chur, ba

cheart a áirithiú leis an Rialachán seo go dtugtar léiriú ar chéimeanna ar gcúl ar cinntí daoine is cúis leo go cruinn i gcónaí sna cuntais LULUCF. Ina theannta sin, ba cheart don Rialachán féidearthacht theoranta a sholáthar do na Ballstáit chun astaíochtaí ó shuaitheadh nach bhfuil smacht acu air a chur as an áireamh ina gcuid cuntas LULUCF. Níor cheart go mbeadh cuntasaíocht easnamhach mhíchuí ann mar thoradh ar an modh lena gcuireann Ballstáit na forálacha sin i bhfeidhm áfach.

(14) Ag brath ar na sainroghanna náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann beartais leordhóthanach náisiúnta a roghnú chun a gcuid gealltanas i dtaca le LULUCF a bhaint amach, lena n-áirítear an fhéidearthacht astaíochtaí ó chatagóir talún amháin a chúiteamh le haistrithe ó chatagóir talún eile. Ba cheart dóibh a bheith in ann glan-aistrithe a charnadh thar an tréimhse 2021-2030 freisin. Ba cheart don trádáil i measc na mBallstát leanúint ar aghaidh mar rogha bhreise chun cabhrú leis an gcomhlíonadh. Ag leanúint ón gcleachtas sa dara tréimhse gealltanas de Phrótacal Kyoto, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag Ballstát freisin an méid a baineadh amach os cionn an leibhéil atá ag teastáil faoin Rialachán [] maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit idir 2021 agus 2030 ar mhaithe le hAontas Fuinnimh buanseasmhach agus chun gealltanais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus faisnéis eile atá ábhartha i dtaca le hathrú aeráide chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé a ghealltanas faoin Rialachán seo.

(15) Chun tuairisciú agus fíorú éifeachtach, trédhearcach agus costéifeachtach ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa agus ar fhaisnéis eile is gá chun comhlíonadh le gealltanais na mBallstát a mheasúnú, ba cheart ceanglais maidir le tuairisciú a chur san áireamh i Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 leis an Rialachán seo, agus ba cheart na tuairiscí sin a chur san áireamh sna seiceálacha ar chomhlíonadh faoin Rialachán seo. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 a leasú dá réir. Féadfar sruthlíniú breise a dhéanamh ar na forálacha sin chun aon athrú ábhartha a chur san áireamh i ndáil leis an rialachas comhtháite ar an Aontas Fuinneamh a bhfuil togra beartaithe ina leith roimh dheireadh 2016 i gclár oibre an Choimisiúin.

(16) Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnamh a thabhairt don Choimisiún, de réir mar is iomchuí i gcomhréir lena chlár oibre bliantúil, leis an gcóras de thuairisciú bliantúil ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa, leis an measúnú ar fhaisnéis maidir le beartais agus bearta agus réamh-mheastacháin náisiúnta, leis an meastóireacht ar bheartais agus bearta breise atá beartaithe, agus leis na seiceálacha ar chomhlíonadh a dhéanann an Coimisiún faoin Rialachán seo.

(17) Chun bailiú sonraí agus feabhsú ar an modheolaíocht a éascú, ba cheart fardal a dhéanamh, agus tuairisciú a dhéanamh, ar thalamhúsáid ag baint úsáide as rianú geografach ar gach limistéar talún, a fhreagraíonn do na córais náisiúnta agus córais an Aontais um bailiú sonraí. Bainfear an úsáid is fearr as na cláir agus suirbhéanna atá ag an Aontas agus ag na Ballstáit cheana féin, lena n-áirítear Suirbhé staidrimh fráma limistéir ar chumhdach/talamhúsáid (LUCAS) agus clár an Aontais um fhaire agus um fhaireachán na Cruinne (Copernicus) chun sonraí a bhailiú. Ba cheart don bhainistiú sonraí, lena n-áirítear comhroinnt sonraí chun iad a athúsáid agus a scaipeadh don tuairisciú, bheith ag teacht le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach.

(18) Chun foráil a dhéanamh maidir le cuntas iomchuí a thabhairt ar idirbhearta faoin Rialachán seo, lena n-áirítear solúbthacht a úsáid agus comhlíonadh ar rianú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le hoiriúnú teicniúil ar shainmhínithe, luachanna, liostaí gás ceaptha teasa agus linnte carbóin, leibhéil thagartha a thabhairt cothrom le dáta, cuntas a thabhairt ar idirbhearta agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gceanglas maidir leis an modheolaíocht agus ar an gceanglas maidir le faisnéis. Sna bearta sin, cuirfear san áireamh na forálacha atá i Rialachán Uimh. 389/2013 ón gCoimisiún lena mbunaítear Clárlann Aontais. Ba cheart na forálacha is gá a bheith in aon ionstraim amháin ina gcuirtear le chéile na forálacha cuntasaíochta de bhun Threoir 2003/87/CE, Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, Rialachán [] maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit idir 2021 agus 2030 ar mhaithe le hAontas Fuinnimh buanseasmhach agus an Rialacháin seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain go córasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(19) Ba cheart an Rialachán seo a athbhreithniú in 2024 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin chun a fheidhmiú foriomlán a mheas. Is féidir torthaí stocáireamh domhanda Chomhaontú Pháras a chur san áireamh san athbhreithniú sin.

(20) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar amach sa Rialachán seo gealltanais na mBallstát maidir le talamhúsáid, le hathrú ar thalamhúsáid agus le foraoiseacht ('LULUCF') lena n-áirithiú go mbainfear amach an gealltanas i dtaca le laghdú gás ceaptha teasa an Aontais don tréimhse 2021 go 2030, chomh maith leis na rialacha lena ríomhfar astaíochtaí agus aistrithe ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht agus lena seiceálfar comhlíonadh na ngealltanas seo i measc na mBallstát.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Baineann an Rialachán seo le hastaíochtaí agus aistrithe na ngás ceaptha teasa atá liostaithe in Iarscríbhinn I, Roinn A, mar a tuairiscítear de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 a tharlaíonn in aon cheann de na catagóirí cuntasaíochta talún seo a leanas ar chríocha na mBallstát le linn na tréimhse ó 2021 go 2030:

(a) talamh foraoisithe: talamhúsáid a tuairiscíodh mar thalamh curaíochta, féarthailte, bogaigh, lonnaíochtaí agus talamh eile atá tiontaithe go talamh foraoise;

(b) talamh dífhoraoisithe: talamhúsáid a tuairiscíodh mar fhoraois a tiontaíodh go talamh curaíochta, féarthailte, bogaigh, lonnaíochtaí agus talamh eile;

(c) talamh curaíochta bainistithe: talamhúsáid a tuairiscíodh mar thalamh curaíochta a fhanann mar thalamh curaíochta agus féarthailte, bogach, lonnaíochtaí, talamh eile a tiontaíodh go talamh curaíochta agus talamh curaíochta a tiontaíodh go bogach, lonnaíocht agus talamh eile;

(d) féarthailte bainistithe: talamhúsáid a tuairiscíodh mar fhéarthalamh a fhanann mar fhéarthalamh agus talamh curaíochta, bogach, lonnaíocht, talamh eile a tiontaíodh go féarthalamh agus féarthalamh a tiontaíodh go bogach, lonnaíocht agus talamh eile;

(e) talamh foraoise bainistithe: talamhúsáid a tuairiscíodh mar thalamh foraoise a fhanann mar thalamh foraoise.

2. Féadfaidh Ballstát rogha a dhéanamh bogach bainistithe, atá sainithe mar thalamh a tuairiscíodh mar bhogach a fhanann mar bhogach, agus lonnaíocht, talamh eile a tiontaíodh go bogach agus talamh bogach a tiontaíodh go lonnaíocht agus talamh eile, a chur san áireamh i raon feidhme a ghealltanais de bhun Airteagal 4. I gcás ina roghnaíonn Ballstát é sin a dhéanamh, tabharfaidh sé cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe ó bhogach bainistithe i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘linn’ aon phróiseas, gníomhaíocht nó meicníocht lena n-aistrítear gás ceaptha teasa, aerasól, nó réamhtheachtaí gáis ceaptha teasa ón atmaisféar;

(b) ciallaíonn ‘foinse’ aon phróiseas, gníomhaíocht nó meicníocht lena scaoiltear gás ceaptha teasa, aerasól, nó réamhtheachtaí gáis ceaptha teasa isteach san atmaisféar;

(c) ciallaíonn ‘stoc carbóin’ an mhais charbóin atá stóráilte i linn charbóin;

(d) ciallaíonn ‘linn charbóin’ cuid de ghné bhithgheoiceimiceach nó de chóras bithgheoiceimiceach nó iomlán gné nó córais den sórt sin laistigh de chríoch Ballstáit ina stóráiltear carbón, aon réamhtheachtaí gáis cheaptha teasa ina bhfuil carbón nó aon ghás ceaptha teasa ina bhfuil carbón;

(e) ciallaíonn ‘táirge adhmaid lománaithe’ aon táirge ó lománú adhmaid a d'fhág suíomh ina lománaítear adhmad;

(f) ciallaíonn ‘foraois’ limistéar talún atá sainithe ag na híosluachanna le haghaidh mhéid an limistéir, le haghaidh chumhdach mhullaí na gcrann nó leibhéal stocála coibhéiseach, agus le haghaidh an airde a d'fhéadfadh a bheith ag na crainn agus iad aibí san áit ina bhfuil siad ag fás. Cuimsítear leis limistéir ina bhfuil crainn, lena n-áirítear grúpaí de chrainn óga nádúrtha atá ag fás, nó plandálacha nach bhfuil na híosluachanna do chumhdach mhullaí na gcrann nó leibhéal stocála coibhéiseach nó íos-airde na gcrann bainte amach acu fós, lena n-áirítear aon limistéar ar cuid den limistéar foraoise é de ghnáth ach nach bhfuil aon chrann ann go sealadach mar thoradh ar idirghabháil dhaonna, amhail lománú, nó mar thoradh ar chúiseanna nádúrtha, ach ar féidir a bheith ag súil leis go ndéanfaidh sé foraois arís;

(g) ciallaíonn ‘suaitheadh nádúrtha’ aon teagmhas neamh-antrapaigineach nó aon iomthosca neamh-antrapaigineacha lena gcruthaítear astaíochtaí móra i bhforaoisí agus nach bhfuil smacht ag an mBallstát ábhartha orthu, ar choinníoll nach bhfuil sé ar chumas an Bhallstáit go hoibiachtúil tionchar na dteagmhas nó na himthosca ar astaíochtaí a theorannú go suntasach, fiú tar éis dóibh tarlú;

(h) ciallaíonn ‘ocsaídiú ar an toirt’ an modh cuntasaíochta lena dtoimhdítear go scaoiltear isteach san atmaisféar tráth an lománaithe an carbón ar fad atá stóráilte i dtáirgí adhmaid lománaithe.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun na sainmhínithe i mír 1 a chur in oiriúint d'fhorbairtí eolaíochta nó dul chun cinn teicniúil agus chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht idir na sainmhínithe sin agus aon athrú ar na sainmhínithe ábhartha i dTreoirlínte 2006 IPCC d’Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa ('Treoirlínte IPCC').

Airteagal 4

Gealltanais

Don tréimhse ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030, agus an tsolúbthacht dá bhforáiltear in Airteagal 11 á cur san áireamh, áiritheoidh gach Ballstát nach mó na hastaíochtaí ná na haistrithe, arna ríomh mar shuim na n-astaíochtaí agus aistrithe iomlána ar a gcríoch sna catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2 le chéile, de réir an chuntais i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Rialacha ginearálta cuntasaíochta

1. Ullmhóidh agus coinneoidh gach Ballstát cuntas a léiríonn go cruinn na hastaíochtaí agus na haistrithe a bhíonn ann mar thoradh ar na catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2. Áiritheoidh na Ballstáit cruinneas, iomláine, comhsheasmhacht, inchomparáideacht agus trédhearcacht a gcuid cuntas agus aon sonraí eile a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo. Úsáidfidh na Ballstáit comhartha dearfach (+) le seasamh d'astaíochtaí agus comhartha diúltach le seasamh d'aistrithe.

2. Cuirfidh Ballstáit cosc ar aon áireamh dúbailte ar astaíochtaí agus aistrithe, go háirithe trí chuntas a thabhairt ar astaíochtaí nó aistrithe mar thoradh ar níos mó ná catagóir cuntasaíochta talún amháin faoi aon chatagóir amháin.

3. Aistreoidh Ballstáit talamh foraoise, talamh curaíochta, féarthalamh, bogach, lonnaíochtaí agus talamh eile de réir a chéile ón gcatagóir den talamh den sórt sin a tiontaíodh go talamh de chineál eile chuig an chatagóir den talamh den sórt sin a fhanann mar an cineál céanna talún 20 bliain tar éis dáta an tiontaithe.

4. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh sna cuntais atá acu do gach catagóir cuntasaíochta talún aon athrú ar stoc carbóin na linnte carbóin atá liostaithe in Iarscríbhinn I, roinn B. Féadfaidh Ballstáit rogha a dhéanamh gan athruithe sna stoic charbóin a chur san áireamh ina gcuid cuntas le haghaidh linnte carbóin sa chás nach bhfuil an linn charbóin ina foinse, ach amháin i gcás bith-mhais os cionn na talún agus táirgí adhmaid lománaithe ar thalamh foraoise bainistithe.

5. Coinneoidh na Ballstáit taifead iomlán agus cruinn de na sonraí ar fad a úsáidtear agus a gcuntais á n-ullmhú acu.

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun Iarscríbhinn I a leasú chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe ar Threoirlínte IPCC.

Airteagal 6

Cuntas a thabhairt ar thalamh foraoisithe agus ar thalamh dífhoraoisithe

1. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus aistrithe mar thoradh ar thalamh foraoisithe agus talamh dífhoraoisithe, mar na hastaíochtaí agus aistrithe iomlán do gach ceann de na blianta sna tréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030.

2. De mhaolú ar an gceanglas an luach réamhshocraithe arna bhunú faoi Airteagal 5(3) a chur i feidhm, féadfaidh Ballstát talamh curaíochta, féarthalamh, bogach, lonnaíochtaí agus talamh eile a aistriú ón gcatagóir den talamh den sórt sin a tiontaíodh go talamh foraoise go dtí catagóir na talún foraoise a fhanann mar thalamh foraoise tar éis 30 bliain ó dháta an tiontaithe.

3. Sna ríomhanna le haghaidh astaíochtaí agus aistrithe ar thalamh foraoisithe agus ar thalamh dífhoraoisithe, cinnfidh gach Ballstát an limistéar foraoise ag baint úsáid as an aonad spásmheasúnaithe céanna atá sonraithe in Iarscríbhinn II.

Airteagal 7

Cuntas a thabhairt ar thalamh curaíochta bainistithe, féarthalamh bainistithe agus bogach bainistithe

1. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus aistrithe mar thoradh ó thalamh curaíochta bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus sa tréimhse ó 2026 go 2030 lúide an luach a fhaightear ó mheán-astaíochtaí agus

meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar thalamh curaíochta bainistithe sa bhuntréimhse 2005-2007 a iolrú faoi chúig.

2. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus aistrithe mar thoradh ó fhéarthalamh bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus sa tréimhse ó 2026 go 2030 lúide an luach a fhaightear ó mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe sa bhuntréimhse 2005-2007 a iolrú faoi chúig.

3. I gcás ina roghnaíonn Ballstát bogach bainistithe a chur san áireamh i raon feidhme a ghealltanais i gcomhréir le hAirteagal 2, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoin rogha sin faoin 31 Nollaig 2020 don tréimhse 2021-2025 agus faoin 31 Nollaig 2025 don tréimhse 2026-2030.

4. Na Ballstáit sin a roghnaigh bogach bainistithe a chur san áireamh i raon feidhme a ngealltanas i gcomhréir le hAirteagal 2, tabharfaidh siad cuntas ar astaíochtaí agus aistrithe mar thoradh ó bhogach bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus/nó sa tréimhse ó 2026 go 2030 lúide an luach a fhaightear ó mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar bhogach bainistithe sa bhuntréimhse 2005-2007 a iolrú faoi chúig.

Airteagal 8

Cuntas a thabhairt ar thalamh foraoise bainistithe

1. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus aistrithe mar thoradh ó thalamh foraoise bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus sa tréimhse ó 2026 go 2030 lúide an luach a fhaightear óna leibhéal tagartha foraoise a iolrú faoi chúig. Is é atá sa leibhéal tagartha foraoise meastachán ar na ghlanastaíochtaí nó glanaistrithe bliantúla ar an meán mar thoradh ó thalamh foraoise bainistithe laistigh de chríoch an Bhallstáit sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030.

2. Sa chás go bhfuil toradh na ríofa dá dtagraítear i mír 1 diúltach i dtaca lena leibhéal tagartha foraoise, cuirfidh Ballstát san áireamh ina gcuntais ar thalamh foraoise bainistithe glanaistrithe iomlána nach mó iad na coibhéiseach 3,5 faoin gcéad d'astaíochtaí an Bhallstáit ina bhonnbhliain nó i dtréimhse arna sonrú in Iarscríbhinn III, arna iolrú faoi chúig.

3. Cinnfidh Ballstáit an leibhéal tagartha foraoise nua bunaithe ar na critéir atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV, roinn A. Cuirfidh siad phlean cuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta ina mbeidh an leibhéal tagartha foraoise nua faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2018 don tréimhse ó 2021 go 2025 agus faoin 30 Meitheamh 2023 don tréimhse ó 2026 go 2030.

Sa phlean cuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta, beidh gach ceann de na míreanna atá liostaithe in Iarscríbhinn IV, roinn B agus beidh leibhéal tagartha foraoise nua atá beartaithe ann atá bunaithe ar leanúint ar aghaidh leis an gcleachtas agus déine bainistíochta foraoise atá ann faoi láthair, mar atá doiciméadaithe idir 1990-2009 de réir cineál foraoise agus de réir aicme aoise i bhforaoisí náisiúnta, arna sloinneadh i dtonaí de choibhéis CO_2 in aghaidh na bliana.

Cuirfear an plean cuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta,ar fáil go poiblí agus beidh sé faoi réir comhairliúchán poiblí.

4. Léireoidh Ballstáit comhsheasmhacht idir na modhanna agus sonraí a úsáidtear chun an leibhéal tagartha foraoise a bhunú sa phlean cuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta agus iad sin a úsáidtear sa tuairisciú don talamh foraoise bainistithe. Ag deireadh na tréimhse ó 2021 go 2025 nó ó 2026 go 2030 ar a dhéanaí, cuirfidh Ballstát ceartú teicniúil ar a leibhéal tagartha faoi bhráid an Choimisiúin más gá sin chun comhsheasmhacht a áirithiú.

5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an pleananna cuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta agus ar na ceartúcháin theicniúla agus déanfaidh sé measúnú ar a mhéad a chinneadh na leibhéil thagartha foraoise nua nó ceartaithe atá beartaithe i gcomhréir leis na prionsabail agus ceanglais atá leagtha amach i mír (3) agus mír (4), agus i gcomhréir le hAirteagal 5(1) chomh maith. Sa mhéad a bhfuil gá leis chun a áirithiú go bhfuil na prionsabail agus ceanglais atá leagtha amach i mír (3) agus i mír (4), agus in Airteagal 5(1) chomh maith, á gcomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún na leibhéil thagartha foraoise nua nó ceartaithe atá beartaithe a athríomh.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 14 chun Iarscríbhinn II a leasú i bhfianaise an athbhreithnithe arna dhéanamh de bhun mhír (5) chun leibhéil thagartha foraoise na mBallstát a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar na pleananna cuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta nó leis na ceartúcháin theicniúla a chuirtear faoina bhráid, agus aon athríomh arna dhéanamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe. Go dtí teacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe, leanfaidh leibhéil thagartha foraoise Ballstáit de arna sonrú in Iarscríbhinn II de bheith i bhfeidhm don tréimhse 2021-2025 agus/nó 2026-2030.

Airteagal 9

Cuntas a thabhairt ar tháirgí adhmaid lománaithe

I gcomhréir leis na cuntais de bhun Airteagal 6(1) agus Airteagal 8(1) a bhaineann le táirgí adhmaid lománaithe, léireoidh Ballstáit astaíochtaí agus aistrithe mar thoradh ar an linn táirgí adhmaid lománaithe a thagann laistigh de na catagóirí seo a leanas ag baint úsáid as an bhfeidhm lobhadh chéad ord, na modheolaíochtaí agus na luachanna leathré réamhshocraithe a shonraítear in Iarscríbhinn V:

(a) páipéar;

(b) painéil adhmaid;

(c) adhmad sáfa.

Airteagal 10

Cuntas a thabhairt ar shuaitheadh nádúrtha

1. Ag deireadh na tréimhse ó 2021 go 2025 agus na tréimhse ó 2026 go 2030, féadfaidh Ballstáit a fhágáil as a gcuid cuntas le haghaidh talamh foraoisithe agus talamh foraoise bainistithe astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar shuaitheadh nádúrtha a sháraíonn na meán-astaíochtaí arna gcruthú ag suaitheadh nádúrtha sa tréimhse 2001-2020, asluitigh

staidrimh as an áireamh ('leibhéal cúlra') arna ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hIarscríbhinn VI.

2. I gcás ina gcuireann Ballstát mír 1 i bhfeidhm, cuirfidh sé faisnéis faoin leibhéal cúlra do gach catagóir cuntasaíochta talún arna cinneadh i mír 1 agus ar na sonraí agus modheolaíochtaí a úsáideadh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI faoi bhráid an Choimisiúin.

3. I gcás ina gcuirfidh Ballstát mír 1 i bhfeidhm, cuirfidh as an áireamh sa chuntasaíocht gach aistriú ina dhiaidh sin ar an talamh a raibh tionchar ag suaitheadh nádúrtha air go dtí 2030.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun na ceanglais i dtaca leis an modheolaíocht agus i dtaca le faisnéis in Iarscríbhinn VI a leasú chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe ar Threoirlínte IPCC.

Airteagal 11

Solúbthacht

1. I gcás gur mó na hastaíochtaí iomlána ná na haistrithe i mBallstát agus gur scrios an Ballstát sin leithdháiltí bliantúla astaíochta faoi Rialachán [ ] maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit idir 2021 agus 2030, cuirfear an chainníocht sin san áireamh i dtaca lena ghealltanas a bheith á chomhlíonadh ag an mBallstát de bhun Airteagal 4.

2. Sa mhéid gur mó na haistrithe iomlán ná na hastaíochtaí i mBallstát agus tar éis aon chainníocht arna gcur san áireamh faoi Airteagal 7 de Rialachán [ ] maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit idir 2021 agus 2030 a dhealú, féadfaidh an Ballstát sin an chainníocht atá fágtha a aistriú chuig Ballstát eile. cuirfear an chainníocht arna haistriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar a ghealltanas a bheith á chomhlíonadh ag an mBallstát a fhaigheann í de bhun Airteagal 4.

3. Sa mhéid gur mó na haistrithe iomlán ná na hastaíochtaí i mBallstát sa tréimhse ó 2021 go 2025, agus tar éis aon chainníocht arna gcur san áireamh faoi Airteagal 7 de Rialachán [ ] maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit idir 2021 agus 2030 nó á haistriú chuig Ballstát eile de bhun mhír 2 a dhealú, féadfaidh an Ballstát sin taisce a dhéanamh de chainníocht atá fágtha don tréimhse 2026-2030.

4. Chun áireamh dúbailte a sheachaint, dealófar cainníocht na nglan-aistrithe arna gcur san áireamh faoi Airteagal 7 de Rialachán [ ] maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit idir 2021 agus 2030 ón gcainníocht atá ar fáil ag an mBallstát sin le haistriú chuig Ballstát eile nó le taisce a dhéanamh de de bhun mhír 2 agus mhír 3.

5. Mura bhfuil na ceanglais maidir le faireachán a leagtar síos in Airteagal 7(1)da) de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 á gcomhlíonadh ag Ballstát, cuirfidh an Riarthóir Lárnach atá ainmnithe faoi Airteagal 20 de Threoir 2003/87/EC toirmeasc sealadach ar an mBallstát sin aistriú nó cur i dtaisce a dhéanamh de bhun mhír 2 nó mhír 3.

Airteagal 12

Comhlíonadh a sheiceáil

1. In 2027 agus in 2032, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar chomhlíonadh faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh an t-iarmhéid de na hastaíochtaí agus aistrithe iomlána gás ceaptha teasa faoi seach don tréimhse 2021-2025 nó 2026-2030 ar gach ceann de na catagóirí cuntasaíochta talún a sonraítear in Airteagal 2, ag úsáid na rialacha cuntasaíochta a leagtar síos sa Rialachán seo.

2. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar na tuarascálacha ar chomhlíonadh chun críocha measúnaithe ar chomhlíonadh le hAirteagal 4.

3. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnamh don Choimisiún chun an creat maidir le faireachán agus comhlíonadh faoin Airteagal seo a chur chun feidhme, i gcomhréir lena chlár oibre bliantúil.

Airteagal 13

Clárlann

1. Déanfaidh an Coimisiún taifead ar chainníocht na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe do gach catagóir cuntasaíochta talún i ngach Ballstát agus áiritheoidh sé go dtabharfar cuntas cruinn agus an tsolúbthacht á feidhmiú de bhun Airteagal 11 sa Chlárlann Aontais a bunaíodh de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013. Déanfaidh an Riarthóir Lárnach seiceáil uathoibrithe ar gach idirbheart faoin Rialachán seo agus, más gá, cuirfidh sé cosc ar idirbhearta chun a áirithiú nach mbíonn aon neamhrialtachtaí ann. Beidh rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis seo.

2. Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomh tarmligthe a ghlacadh chun mír 1 a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán seo.

Airteagal 14

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 3, 5, 8, 10 agus 13 a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó [dháta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear i mír 2 a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Roimh ghníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun na míreanna roimhe seo i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go bhfuil sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 15

Athbhreithniú

Tuairisceoidh an Coimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin 28 Feabhra 2024 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin maidir le feidhmiú an Rialacháin seo, maidir leis an méid atá sé a chur le gnóthú sprioc fhoriomlán an Aontais Eorpaigh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030 agus maidir leis an méid atá sé a chur le gnóthú spriocanna Chomhaontú Pháras, agus féadfaidh sé moltaí a dhéanamh más iomchuí.

Airteagal 16

Leasuithe ar Rialachán Uimh. 525/2013/AE

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 525/2013/CE leis seo mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 7(1) mar a leanas:

(a) Cuirtear pointe (da) isteach mar a leanas:

"(da) Ó 2023 amach, a n-astaíochtaí agus a n-aistrithe arna gcumhdach faoi Airteagal 2 de Rialachán [ ] [maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030] i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a shonraítear in Iarscríbhinn IIIa a ghabhann leis an Rialachán seo;"

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"Féadfaidh Ballstát maolú ó phointe (da) a iarraidh chun modheolaíocht eile seachas an ceann a shonraítear in Iarscríbhinn IIIa a chur i bhfeidhm más rud é nach bhféadfaí an feabhas ar an modheolaíocht atá de dhíth a bhaint amach in am chun an feabhsú a chur san áireamh sna fardail ar gháis cheaptha teasa den tréimhse ó 2021 go 2030, nó más rud é go mbeadh costas díréireach ard ag baint leis an bhfeabhsú ar an modheolaíocht i gcomparáid le modheolaíocht den sórt sin a chur i bhfeidhm chun an cuntas a thugtar ar astaíochtaí agus ar aistrithe a fheabhsú i ngeall ar an tábhacht íseal atá ag na hastaíochtaí agus aistrithe ó na linnte carbóin lena mbaineann. Cuirfidh Ballstáit ar mian leo leas a bhaint as an maolú iarraidh reasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2020, ina dtabharfar an amlíne le fios don uair a bhféadfaidh an feabhas ar an modheolaíocht agus/nó an mhodheolaíocht mhalartach atá

beartaithe a chur chun feidhme, maille le measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith i gceist i dtaca le cruinneas na cuntasaíochta. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go gcuirfí faisnéis bhreise faoina bhráid laistigh de thréimhse ama réasúnta a shonrófar. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt leis an iarraidh, deonóidh sé an maolú. Má dhiúltaítear don iarraidh, tabharfaidh an Coimisiún na cúiseanna a bhí lena chinneadh.

2. Cuirtear an pointe (ix) seo a leanas le hAirteagal 13(1)(c):

"(ix) ó 2023 amach, faisnéis faoi bheartais náisiúnta agus faoi bhearta náisiúnta a cuireadh chun feidhme chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Rialachán [] maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030, agus faisnéis faoi bheartais náisiúnta bhreise atá pleanáilte agus bearta atá beartaithe d'fhonn astaíochtaí gás ceaptha teasa a theorannú, nó linnte a fheabhsú, sa bhreis ar a ngealltanais de réir an Rialacháin sin."

3. In Airteagal 14(1), cuirtear isteach an pointe (bb) seo a leanas:

"(bb) ó 2023 amach, réamh-mheastacháin ar gháis cheaptha teasa iomlána agus meastacháin ar leithligh do na hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa atá réamh-mheasta a chumhdaítear faoi Rialachán [] maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030."

4. Cuirtear isteach an Iarscríbhinn IIIa seo a leanas:

"**Iarscríbhinn IIIa**

Modheolaíochtaí don fhaireachán agus tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(da)

Sonraí ar thiontuithe talamhúsáide bunaithe ar gheo-shuíomh chun catagóirí talamhúsáide, agus tiontuithe idir catagóirí talamhúsáide, a shainaithint agus a rianú.

Modheolaíochtaí Leibhéal 1 lena n-úsáidtear fachtóirí astaíochta caighdeánaithe agus luachanna na bparaiméadar arna gcalabrú ar bhonn domhanda i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.

I gcás astaíochtaí agus aistrithe do linn charbóin arb ionann í agus 25-30 % ar a laghad d'astaíochtaí nó aistrithe i bhfoinse nó i gcatagóir linnte a dtugtar tosaíocht di laistigh de chóras náisiúnta fardail de chuid Ballstáit toisc go bhfuil tionchar suntasach ag an meastachán a dhéantar uirthi ar fhardal iomlán tíre de gháis cheaptha teasa i dtéarmaí dearbh-leibhéal astaíochtaí agus aistrithe, an treocht maidir le hastaíochtaí nó aistrithe, nó an neamhchinnteacht sna hastaíochtaí agus aistrithe sna catagóirí talamhúsáide, modheolaíocht Leibhéal 2 ar a laghad lena n-úsáidtear fachtóirí astaíochta caighdeánaithe agus luachanna na bparaiméadar arna gcalabrú ar bhonn na ndálaí náisiúnta i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.

Spreagtar Ballstáit chun modheolaíocht Leibhéal 3 a chur i bhfeidhm, lena n-úsáidtear samhaltú neamhpharaiméadrach arna chalabrú ar bhonn na ndálaí náisiúnta, a dhéanann cur síos ar idirghníomhú fisiciúil an chórais bhithfhisiciúil, i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa. "

Airteagal 17

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[12]

Réimse beartais: Gníomhú ar son na hAeráide

Gníomhaíocht ABB: Gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta (cód ABB 34 02 01)

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[13]

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe

Baineann an togra seo leis an reachtaíocht lena gcuirtear chun feidhme pacáiste aeráide agus fuinnimh 2030 a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach i nDeireadh Fómhair 2014 d'fhonn sprioc 2030 an Aontais maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach; laghdú 40 % ar a laghad, ar leibhéil intíre, le hais 1990 an sprioc atá le baint amach ar bhealach costéifeachtúil a chuideoidh leis an téamh domhanda a theorannú.

Tá an togra ar cheann de dheich dtosaíocht pholaitiúla an Choimisiúin agus ina chuid thábhachtach den Chreatstraitéis maidir le hAontas Fuinnimh.

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

A chinneadh cé mar a chuideoidh LULUCF leis na cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a leag an Chomhairle Eorpach síos i nDeireadh Fómhair 2014 do chreat aeráide agus fuinnimh 2030 i dtaca leis na hearnálacha nach mbaineann trádáil astaíochtaí leo.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Gníomhú ar son na haeráide

[12] ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: Buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

[13] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Leis an togra seo, saineofar cé mar a chuideoidh an earnáil LULUCF le laghdú 30 % a bhaint amach faoin mbliain 2030 le hais 2005 ar fud an Aontais Eorpaigh i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa sna hearnálacha sin nach mbaineann trádáil astaíochtaí leo.

Leagtar amach sa togra seo gealltanais na mBallstát maidir le talamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht ('LULUCF') lena n-áiritheofar go mbainfear amach gealltanas laghduithe gás ceaptha teasa an Aontais don tréimhse 2021 go 2030. Ina theannta sin, sainítear ann na rialacha lena ríomhfar astaíochtaí agus aistrithe ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht agus lena seiceálfar comhlíonadh na ngealltanas seo i measc na mBallstát.

Moltar gan na seiceálacha ar chomhlíonadh a dhéanamh ach gach cúigiú bliain, seachas go bliantúil, ionas go laghdófar an t-ualach riaracháin a bheidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach. Níl aon oibleagáidí ar ghnólachtaí, FBManna ná ar mhicrifhiontair maidir le tuairisciú díreach nó iarmhairtí eile riaracháin.

Tá an togra á dhíriú ar na Ballstáit ina gcáil mar ghníomhaithe institiúideacha. Ó tharla gur ar an leibhéal náisiúnta atá an togra atá a bheartú le cur chun feidhme, is leis na córais riaracháin náisiúnta a bhaineann sé den chuid is mó. Beidh tionchar ag cineál agus raon na mbeart a chuirfidh na Ballstáit chun feidhme ar na geallsealbhóirí éagsúla sna hearnálacha lena mbaineann.

Is ag brath ar na beartais agus ar na bearta náisiúnta a roghnóidh gach tír ar leith a bheidh aon tionchair eile.

1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar

Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

Táscaire Uimhir 1: Leibhéal na nglanastaíochtaí agus na nglanaistrithe san earnáil LULUCF i ngach Ballstát.

Táscaire Uimhir 2: Úsáid na solúbthachta a eascraíonn as LULUCF i ngach Ballstát.

Táscaire Uimhir 3: Leibhéil tagartha foraoise na mBallstát do na tréimhsí 2021-25 agus 2026-30 a bhunú.

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Bainfidh na Ballstáit amach a gcuid spriocanna laghdaithe astaíochtaí náisiúnta in 2030. Cuirfidh siad chun feidhme, ar an leibhéal náisiúnta, pé beartais agus bearta, maille le forálacha dlíthiúla agus riaracháin, is gá chun go mbeidh siad i gcomhréir leis an togra. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún na bearta ábhartha cur chun feidhme a fhorbairt i dtaca leis an tréimhse tar éis 2020. Áirítear orthu sin na leibhéil tagartha foraoise a chinneadh i gcás gach Ballstáit.

1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE

Fadhb thrasteorann é an t-athrú aeráide. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na gníomhaíochta atá á beartú a bhaint amach go leordhóthanach ag gníomhú dóibh ina n-aonar, tá údar leis – ar bhonn na coimhdeachta – go ndéanfaí an gníomhú ar son na haeráide a chomhordú ar an leibhéal Eorpach agus, a mhéid is féidir, ar an leibhéal domhanda. Oibríonn an tAontas Eorpach agus na Ballstáit as lámh a chéile chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme. Trí bhíthin na comhpháirtíochta sin, féadann an tAontas Eorpach aghaidh a thabhairt ar shaincheist an chothromais agus na héifeachtúlachta agus san am céanna cuspóir uaillmhianach comhshaoil a bhaint amach. In Airteagail 191 go 193 CFAE, deimhnítear inniúlachtaí an Aontais i réimse an athraithe aeráide.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Faoi mar atá i láthair na huaire – agus as seo go 2020 – is faoi scáth oibleagáidí idirnáisiúnta Phrótacal Kyoto a chuimsítear astaíochtaí agus aistriú na ngás ceaptha teasa a bhaineann le talamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht (LULUCF). De bhíthin Phrótacal Kyoto, leagtar srianta ar an Aontas Eorpach anuas go 2020 ionas nach mór do gach ceann de na Ballstáit a áirithiú nach dtáirgeoidh an earnáil LULUCF aon astaíochtaí breise. Ach rachaidh Prótacal Kyoto in éag ag ceann na bliana 2020. Fágann sin nach mór an rialú i dtaca leis an earnáil LULUCF a fhorbairt tuilleadh laistigh den Aontas Eorpach; faoi láthair is le Cinneadh 529/2013/AE maidir le LULUCF a dhéantar sin. Tá an Cinneadh sin 529/2013/AE maidir le LULUCF á chur chun feidhme cheana agus tiocfadh dá bharr go mbeidh againn faoi 2020 córais fheabhsaithe chuntasaíochta. De cheal creat dlí lena gcomhdhlúfaí an forghníomhú sin agus lena saineofaí rialacha ábhartha don tréimhse tar éis 2020, d'fhéadfadh sé nach ar shlí aonchineálach a áireofaí an Cinneadh maidir le LULUCF laistigh den chreat foriomlán ar fud an Aontais Eorpaigh. D'fhágfadh difríochtaí maidir le tuairisciú agus le rialacha cuntasaíochta i measc na mBallstát drochiarmhairt ar fheidhmiú barrmhaith an mhargaidh aonair.

1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

Leis an togra seo, leanfar le sásra reatha an Aontais Eorpaigh maidir le roinnt an díchill anuas go dtí 2030 i dtaca leis na hearnálacha sin nach mbaineann trádáil astaíochtaí leo. Is cuid dhílis é de chreat aeráide agus fuinnimh 2030 agus de Chreatstraitéis an Choimisiúin maidir le hAontas Fuinnimh buanseasmhach maille le beartas réamhbhreathnaitheach don athrú aeráide. Tá sé ina chuidiú, go háirithe, agus an ceathrú gné den Aontas Fuinnimh – dícharbónú an gheilleagair – á baint amach.

Is faoi na Ballstáit féin atá sé beartais agus bearta a chur chun feidhme d'fhonn a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh; beifear ag súil go mbeidh cuid de na beartais agus na bearta sin ina gcuidiú chun gealltanais an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an bhfuinneamh inathnuaite agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh cúram de threoir, éascaíocht agus forbhreathnú i dtaca lena bhunú seo, go háirithe agus leibhéil tagartha foraoise á mbunú.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[14]

☒ **Bainistiú díreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit**

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

Gabhann an togra ionad Chinneadh Uimh. 529/2013/AE (Cinneadh LULUCF) i dtaca leis na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe a bheidh ar na Ballstáit agus na tascanna bainistithe a bheidh ar an gCoimisiún. Leanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil de bheith ag

[14] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

tacú leis an gCoimisiún i dtaca le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát i dtaca lena gcuid oibleagáidí de bhun an Rialacháin a chomhlíonadh.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Beidh an faireachán ar an dul chun cinn agus an measúnú comhlíontachta ag brath ar chreat cuimsitheach maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú, ar ann dó cheana agus a leagtar síos sa togra seo, agus sa Rialachán um Shásraí Faireacháin agus ina fhorálacha cur chun feidhme. Faoin togra seo, coinneofar an timthriall daingean maidir le tuairisciú agus comhlíonadh a shainmhínítear faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill. Beidh sé fós d'oibleagáid ar na Ballstáit teorainneacha bliantúla astaíochta agus conair líneach a chomhlíonadh le linn na tréimhse 2021-2030 ach ní dhéanfar an tseiceáil iarbhír ar chomhlíonadh ach gach 5 bliana seachas go bliantúil.

Chun a áirithiú go bhfuil an measúnú comhlíontachta á dhéanamh ar bhonn sonraí beachta, leanfar d'athbhreithniú an Choimisiúin ar na fardail astaíochtaí gás ceaptha teasa a thíolacann na Ballstáit gach bliain. Leanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil de bheith ag comhordú rialú na faisnéise a chuirfear ar fáil i dtaca le trédhearcacht, cruinneas, comhsheasmhacht, inchomparáideacht, agus iomláine.

Leanfar de na ceanglais atá ann cheana ar na Ballstáit tuarascáil a thabhairt gach dara bliain maidir leis na beartais agus na bearta a cuireadh chun feidhme chun spriocanna a bhaineann lena n-oibleagáidí a bhaint amach faoin togra seo agus maidir lena réamh-mheastacháin astaíochtaí.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. Na rioscaí a aithníodh.

Ballstáit nach dtugann aon tuairisc ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa bliantúla nó nach dtugann in am í.

Cineálacha éagsúla cur chuige á gcur chun feidhme ag na Ballstáit chun na leibhéil tagartha foraoise a chinneadh.

2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm.

A bhuí leis an gcóras bliantúil tuairiscithe seanbhunaithe atá ann i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa na mBallstát, agus atá leagtha síos sa Rialachán um Shásraí Faireacháin, tá nósanna imeachta ar bun lena n-áiritheofar go dtíolacfar in am na tuarascálacha astaíochta agus gur féidir teacht i gcabhair ar Bhallstát nach gcomhlíonann a oibleagáid maidir leis an tuairisciú.

2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis.

Ní bhaineann an riosca earráide le hábhar.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.

Is ag brath ar chóras seanbhunaithe atá ann chun rialú cáilíochta agus fíorú a dhéanamh ar na tuarascálacha bliantúla maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa na

mBallstát atá an faireachán ar dhul chun cinn na mBallstát i dtaca lena ngealltanais faoin togra seo. Áirithítear leis sin go dtugtar aghaidh ar aon bhearnaí nó ar aon mhírialtachtaí i dtaca leis na sonraí astaíochta tuairiscithe agus go gceartaítear iad in am don tseiceáil ar chomhlíonadh.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
		LD/LN [15]	ó thíortha de chuid CSTE[16]	ó thíortha is iarrthóirí[17]	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
2	34.02.01	Difreáilte	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
5	34.01	Neamhdhifreáilte.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh: Neamhbhainteach

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir […][Ceannteideal……]	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[…][XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

15 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte

16 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

17 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

Is í an **scarbhileog ar shonraí buiséid de chineál riaracháin** (an dara doiciméad san iarscríbhinn a ghabhann leis an ráiteas airgeadais seo) is ceart a úsáid leis an gcuid seo a líonadh agus í a uaslódáil chuig CISNET chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	Uimhir	Fás Inbhuanaithe: Acmhainní nádúrtha

Ard-Stiúrthóireacht: CLIMA			Bliain 2017	Bliain 2018	Bliain 2019	Bliain 2020				**IOMLÁN**
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
34.02.01	Gealltanais	(1)	1,0	0,6						**1,6**
	Íocaíochtaí	(2)	0,6	0,760	0,240					**1,6**
Uimhir na líne buiséid	Gealltanais	(1a)								
	Íocaíochtaí	(2 a)								
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach clár sonrach[18]										
Uimhir na líne buiséid		(3)								
IOMLÁN leithreasuithe do DG CLIMA	Gealltanais	=1+1a +3	1,0	0,6						**1,6**
	Íocaíochtaí	=2+2a +3	0,6	0,760	0,240					**1,6**

[18] Cúnamh teicniúil agus/nó cúnamh riaracháin agus caiteachas chun tacú cláir de chuid an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme: an t-imchlúdach airgeadais do LIFE, faoi mar a comhaontaíodh faoi CAI 2014-2020, a úsáid.

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	1,0	0,6						**1,6**
	Íocaíochtaí	(5)	0,6	0,760	0,240					**1,6**
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach		(6)								
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL <….> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	1,0	0,6						**1,6**
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0,6	0,760	0,240					**1,6**

<u>Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin:</u>

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach		(6)								
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6	1,0	0,6						1,6
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0,6	0,760	0,240					1,6

Is faoi chuimsiú imchlúdach airgeadais do LIFE, faoi mar a comhaontaíodh faoi CAI 2014-2020, a dhéanfar na bearta atá á mbeartú.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	**5**	"Caiteachas riaracháin"

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2017**	Bliain **2018**	Bliain **2019**	Bliain **2020**				**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: CLIMA									
• Acmhainní daonna		0,268	0,402	0,402	0,536				**,1,608**
• Caiteachas eile riaracháin		0,015	0,015	0,015	0,015				**0,060**
IOMLÁN DG CLIMA	Leithreasuithe	**0,283**	**0,417**	**0,417**	**0,551**				**1,668**

IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí)	**0,283**	**0,417**	**0,417**	**0,551**				**1,668**

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2017**	Bliain **2018**	Bliain **2019**	Bliain **2020**				**IOMLÁN**
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	1,283	1,017	0,417	0,551				**3,268**
	Íocaíochtaí	0,883	1,177	0,657	0,551				**3,268**

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩			Bliain **2017**		Bliain **2018**		Bliain **2019**		Bliain **2020**								**IOMLÁN**	
	ASCHUIR																	
	Saghas[19]	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[20]…																		
- Aschur	CR le	0,500	1	0,500													1	0,5
- Aschur	SER	0,500	1	0,500													1	0,5
- Aschur	Clárlan	0,600			1	0,600											1	0,6
-Aschur	Aistriú	2,5																
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1			2	1,0	1	0,600											3	1,6
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																	1	0,5
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		

19 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

20 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

COSTAS IOMLÁN	2	1,0	1	0,600											3	1,6

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **2017**	Bliain **2018**	Bliain **2019**	Bliain **2020**				**IOMLÁN**
CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	0,268	0,402	0,402	0,536				**1, 608**
Caiteachas riaracháin eile	0,015	0,015	0,015	0,015				0,060
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	**0,283**	**0,417**	**0,417**	**0,551**				**1,668**

Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5[21] den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN	**0,283**	**0,417**	**0,417**	**0,551**				**1,668**

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha

[21] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain **2017**	Bliain **2018**	Bliain **2019**	Bliain **2020**			
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	2	3	3	4			
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)							
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)							
10 01 05 01 (Taighde díreach)							
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)[22]							
XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón gclúdach iomlánaíoch)							
XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí)							
XX 01 04 **yy** [23] - sa Cheanncheathrú							
XX 01 04 **yy** [23] - i dToscaireachtaí							
XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)							
10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
IOMLÁN	2	3	3	4			

Is é **34** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Leanfaidh an fhoireann AD atá ann faoi láthair de bheith ag bainistiú an tionscnaimh LULUCF. Teastóidh AD breise chun bainistiú a dhéanamh ar an tionscadal chun modúl nua do LULUCF a fhorbairt i gClárlann an Aontais Eorpaigh ó 2018 amach, agus AD breise amháin eile chun plé le bearta foraoiseoireachta agus le leibhéil tagartha foraoise ó 2020 amach.

22 CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

23 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

Pearsanra seachtrach	

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

– ☒ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

Mínigh an cineál athcláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. N/B

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. N/B

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

	Bliain **N**	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ maidir le hacmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh[24]						
		Bliain **N**	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal …….								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[…]

[24] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.